Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Feabhra 2017**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0015 (COD)**

**5671/17**
**ADD 2**

**TRANS 28**
**CODEC 107**
**MI 91**
**EDUC 32**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Feabhra 2017 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2017) 26 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2003/59/EC maidir le cáiliú tosaigh agus le hoiliúint thréimhsiúil tiománaithe feithiclí áirithe bóthair i gcomhair iompar earraí nó paisinéirí agus Treoir 2006/126/CE maidir le ceadúnais tiomána |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2017) 26 final.

---

Faoi iamh: SWD(2017) 26 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.2.2017
SWD(2017) 26 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**lena leasaítear Treoir 2003/59/EC maidir le cáiliú tosaigh agus le hoiliúint thréimhsiúil tiománaithe feithiclí áirithe bóthair i gcomhair iompar earraí nó paisinéirí agus Treoir 2006/126/CE maidir le ceadúnais tiomána**

{COM(2017) 47 final}
{SWD(2017) 27 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| Measúnú tionchair ar Thogra le haghaidh Treoir lena leasaítear Treoir 2003/59/CE maidir le cáiliú tosaigh agus le hoiliúint thréimhsiúil tiománaithe feithiclí áirithe bóthair i gcomhair iompair earraí nó paisinéirí agus Treoir 2006/126/CE maidir le ceadúnais tiomána |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cad é an fhadhb atá i gceist?** |
| Príomhfhadhbanna:<br>1) deacrachtaí a bhaineann le haithint fhrithpháirteach oiliúna<br>2) ábhar oiliúna nach bhfuil ábhartha go hiomlán do riachtanais tiománaithe<br>3) na deacrachtaí agus an éiginnteacht dhlíthiúil atá ann agus díolúintí á léirmhíniú<br>4) neamhréireachtaí maidir leis na ceanglais aoise íosta idir an Treoir maidir le cáiliú tosaigh agus le hoiliúint thréimhsiúil tiománaithe (an Treoir) agus an Treoir maidir le ceadúnais tiomána |
| **Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** |
| Cuspóir ginearálta: rannchuidiú a dhéanamh le sábháilteacht ar bhóithre agus le saorghluaiseacht tiománaithe gairmiúla<br>Cuspóirí sonracha:<br>1) cleachtais riaracháin a chuíchóiriú le haghaidh aithint fhrithpháirteach sna Ballstáit<br>2) ábhar oiliúna a sholáthar ina gcuimseofar teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC), sábháilteacht ar bhóithre agus éifeachtúlacht breosla<br>3) feabhas a chur ar shoiléire dhlíthiúil agus ar chomhsheasmhacht le reachtaíocht eile ón Aontas Eorpach |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?** |
| Réitigh éifeachtúla ar fhadhbanna trasnáisiúnta<br>Feabhas ar chórais oiliúna<br>Cothroime iomaíochta d'oibreoirí iompair de bhóthar i dtaca le caighdeáin sábháilteachta ar bhóithre |

| **B. Réitigh** |
|---|
| **Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?** |
| Na roghanna beartais reachtaigh a bhaineann le cuspóir sonrach 1:<br><br>a) aithint éigeantach deimhnithe ar inniúlacht ghairmiúil idir na Ballstáit<br>b) an ceanglas chun Cártaí Cáilíochta Tiománaí a eisiúint i gcás nach féidir cód 95 a léiriú ar an gceadúnas tiomána<br>c) an córas faisnéise le haghaidh ceadúnais tiomána (RESPER) a leathnú chun go n-áireofar oiliúint um dheimhniú ar inniúlacht ghairmiúil leis<br><br>Bearta malartacha a bhaineann le tiománaithe nach saoránaigh den Aontas Eorpach iad:<br>1) fianuithe tiománaí a aithint fiú mura bhfuil cód 95 sonraithe orthu, nó<br>2) cód 95 a shonrú ar an bhfianú tiománaí<br><br>Na roghanna beartais reachtaigh a bhaineann le cuspóirí sonracha 2 agus 3:<br>feabhas a chur ar ábharthacht na hoiliúna, á lua go soiléir gur féidir ríomhfhoghlaim agus oiliúint chumaisc a úsáid<br>raon feidhme na ndíolúintí a shoiléiriú<br>ceanglais aoise íosta a chur ar chomhréim leis an Treoir maidir le ceadúnais tiomána<br><br><u>An rogha thosaíochta</u>: Cuspóir sonrach 1(b) móide beart malartach (1). |
| **Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo** |
| Bhí na páirtithe leasmhara i bhfách, i bprionsabal, leis na roghanna beartais uile.<br>Bhí an Cumann Idirnáisiúnta um Iompar de Bhóthar (IRU) i bhfách le feabhas a chur ar an gcóras oiliúna |

| |
|---|
| reatha agus le é a chur in oiriúint do riachtanais reatha<br>Bhí imní ar na Ballstáit go mbeadh ualach mór ag baint le cártaí cáilíochta tiománaí a eisiúint |
| **C. Tionchar na rogha tosaíochta** |
| **Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?** |
| Deacrachtaí aitheanta frithpháirtí a réiteach, coigilteas costais is fiú €2.30 milliún a sholáthar do ghnólachtaí agus coigilteas costais is fiú €6.7 milliún a sholáthar do thiománaithe (2018-2030)<br>Feabhas ar éifeachtúlacht an chórais oiliúna<br>Soiléire mhéadaithe agus comhsheasmhacht mhéadaithe leis an Treoir agus le gníomhartha ábhartha eile dlí ón Aontas Eorpach |

| |
|---|
| **Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?** |
| Costais mheasta (2018-2030):<br>costais rialála: €6.3 milliún<br>costais idirthréimhseacha (thar thréimhse ceithre bliana) a bheidh ag baint le hathruithe a dhéanamh ar ábhar na hoiliúna: suas le €14.1 milliún |
| **Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?** |
| Meastar go mbainfidh FBManna san earnáil iompair tairbhe as soláthar méadaithe saothair agus as costais laghdaithe araon<br>Ní mheastar gur mó ná 5 % de chostas iomlán na hoiliúna na costais bhreise a bheidh ag baint le hábhar na hoiliúna a athbhreithniú |
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| Ceann ar bith seachas costais rialála |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| Ní bheidh |
| **D. Iarobair** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar éifeachtaí an bheartais nua i gcomhar leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara ábhartha |